# dlr times

GEIMHREADH 2021

FÉACH ISTEACH

**Solas & Áthas na Nollag**

**Scéim Deontas 2022**
Fáilte roimh Iarratais Anois

# Eagrán Speisialta faoi Bhuiséad 2022



dlr Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# féach isteach


BUISÉAD CHOMHAIRLE DLR 2022 ........... 03

NUACHT dlr
dlr Soilse na Nollag de chuid dlr ................. 04
Scéim Deontas dlr 2022 .......................... 04
Téigh ag Siopadóireacht go hÁitiúil,
Cliceáil go hÁitiúil ................................... 04

EAGRÁN SPEISIALTA FAOI BHUISÉAD NA COMHAIRLE ........... 05
Caiteachas Bhuiséad 2022 ............................ 06
Ioncam Bhuiséad 2022 .................................. 07
Figiúirí Ceannlíne ........................................... 08

PRÓIFÍL FOIRNE dlr
Anne Murray .................................................. 09

EOLAS DON PHOBAL dlr
Tá an geimhreadh ag teacht! ......................... 10
Athchúrsáil Crann Nollag .............................. 10
Iris Aoisbhá dlr 2022 ..................................... 10

IMEACHTAÍ EALAÍON AGUS LEABHARLANN dlr
Beidh linn ar an Oíche .................................. 11
Athfhorbairt Leabharlann Stigh Lorgan .......... 11
Le teacht go luath in 2022 ............................ 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr .................... 12



**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

—

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie


Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

@dlrcc   dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – **dlrcoco.ie/dlrtimes**



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

*In eagrán an gheimhridh de dlr Times, tugtar cuntas ar ghlacadh Bhuiséad na Comhairle le haghaidh 2022 agus tugtar achoimre ar imeachtaí atá romhainn agus ar mhíreanna nuachta ó áiteanna éagsúla ar fud an chontae. Tá eolas ann maidir le dámhachtain Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le haghaidh fhoireann fuinnimh na bliana agus faoi chlár cothabhála na Comhairle don gheimhreadh.*

*An Nollaig seo, beidh an Chomhairle ag cur soilse in airde ar fud an Chontae, chomh maith le réimse imeachtaí Nollag ar dóigh a eagrú, siúlóid shoilsithe na foraoise i bPáirc Mharlaí, mar shampla, agus margaí na Nollag. San eagrán seo, gheobhaidh tú amach cén áit a bhfuil boscaí poist Dhaidí na Nollag ar fud an chontae.*

*Tá eolas ar fáil fosta faoi Scéim Deontas dlr 2022 Leis an scéim seo, cuirtear maoiniú ar fáil do ghrúpaí atá ag feidhmiú i réimsí éagsúla: Gnó, an Comhshaol, Oidhreacht, Imeachtaí, Spórt, Pobal agus na hEalaíona. Deis ar dóigh atá ann lenar féidir cabhrú le grúpaí tionscadail agus imeachtaí a chur ar siúl.*

*Mar fhocal scoir, iarraimid oraibh an tsiopadóireacht a dhéanamh go háitiúil nuair is féidir chun cuidiú leis na gnólachtaí áitiúla ar fud an Chontae seo arís i mbliana. Nollaig Shona daoibh agus gach beannacht oraibhse agus ar bhur muintir i rith 2022.*

**CLLR. LETTIE McCARTHY**



## Teachtaireacht ó Phríomh-fheidhmeannach Eatramhach dlr

*Agus muid ag tarraingt ar dheireadh bliana neamhghnáiche eile, is mian liom na baill foirne ar fad i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a mholadh, iadsan a chuireann breis agus 800 seirbhís ar fáil sa chontae seo. Tá solúbthacht dhochreidte léirithe acu, agus tá seirbhísí ríthábhachtacha riachtanacha poiblí agus pobail curtha ar fáil acu, i gcúinsí deacra in amanna, i rith na paindéime seo atá fós linn. Is mian liom buíochas a ghabháil libhse, fosta, a chónaitheoirí an chontae seo, as an bhfoighne agus as an spiorad flaithiúlachta atá léirithe agaibh agus sibh ag obair i gcomhar linn i mbliana.*

*Tá roinnt cúiseanna ann ar chóir dúinn a bheith dóchasach go háitiúil don bhliain 2022. Tá seirbhís níos cuimsithí ar líne forbartha againn, tá dul chun cinn suntasach bainte amach againn inár gcuid oibre sa ríocht phoiblí inár mbailte móra agus sráidbhailte ar fud an chontae, d'éirigh linn ár n-áiseanna bóthair, rothaíochta agus coisíochta a fheabhsú agus d'imíomar i dtreo nua le tionscadal nua a bhfuil dámhachtain buaite againn ar a shon: Bealach Soghluaisteachta Cois Cósta.*

*Tá ár bPlean Forbartha Contae 2022-2026 á thabhairt chun críche againn agus táimid ag súil le bheith ag plé libh i rith na bliana ar gach gné d'obair na Comhairle.*

*Mar is gnách, beidh ár bhfoirne dúthrachtacha allamuigh réidh le haghaidh cibé cúinsí atá romhainn le linn an gheimhridh i mbliana, agus is féidir a bheith cinnte de go ndéanfaimid ár seacht ndícheall leanúint ar aghaidh an contae a choinneáil ag imeacht.*

*Ba mhaith liom Nollaig faoi shéan agus faoi shonas agus athbhliain faoi mhaise a ghuí ar gach duine inár gcontae.*

**TOM MCHUGH**

## Margaí na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11am-4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10am-4pm agus Domhnach 11am-4pm




## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| **Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** [i ndiaidh 5pm agus an deireadh seachtaine] | 01 677 8844 |
| **Daoine gan Dídean:** [seirbhísí iar-ama] | 1800 724 724 |
| **Uisce Éireann:** [24 uair an chloig] | 1850 278 278 |

## Páirceanna dlr

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm
Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll. – Márta 8am go 4.30pm
Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm |
D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

**PÁIRC SHEANGÁNÁI**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

## Eolas faoi athchúrsáil

**PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin
**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## Leabharlanna dlr

**dlr LexIcon**
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30am – 8pm
Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh. 12pm– 4pm

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

**CÁBÁN TSÍLE***
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

**DEILGINIS**
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

**GRÁINSEACH AN DÉIN**
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine agus Sath. 10am – 5pm. Níl an mód 'Mo Leabharlann Oscailte' ag feidhmiú faoi láthair.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

**STIGH LORGAN**
Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Máirt agus Céadaoin 10am - 5pm | Déardaoin 10am - 8pm | Aoine agus Satharn 10am - 1pm agus 2pm - 5pm

* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.




# Forléargas ar Bhuiséad 2022 na Comhairle

**I mBuiséad Bliantúil dlr 2022, tugtar gealltanas go ndéanfar infheistíocht €213 milliún chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chónaitheoirí an chontae seo an bhliain seo chugainn. Is ionann é sin agus thart ar €977 a chaitheamh in aghaidh an duine.**

**Chaith Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin vóta ag deireadh mhí na Samhna chun Buiséad 2022 a ghlacadh. Sa bhuiséad sin, déantar foráil do chaiteachas níos mó ná €213 milliún chun seirbhísí a sholáthar.**

Sa bhuiséad ioncaim, cuirtear maoiniú ar fáil i gcomhair réimse an-leathan seirbhísí, na cinn seo ina measc: cothabháil cosán, rotharbhealaí agus bóithre, soilsiú sráide atá tíosach ar fhuinneamh, ár bhfearann páirce agus spásanna poiblí a fheabhsú, áiseanna spóirt agus pobail a fhorbairt, tionscnaimh bhithéagsúlachta agus oidhreachta a fheabhsú mar aon le deontais a chur ar fáil le haghaidh gnólachtaí áitiúla chun an fhorbairt agus an athléimneacht gheilleagrach a chothú. Déantar foráil sa bhuiséad chomh maith chun tithe faoi úinéireacht na Comhairle, foirgnimh chorparáideacha agus páirceanna a chothabháil agus a dheisiú. I bhfírinne, cuireann an Chomhairle breis agus 700 seirbhís ar fáil do chónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí inár gcontae.

Próiseas mionsonraithe atá ann an buiséad bliantúil a chinneadh, agus bíonn na míonna plé i gceist. Caithfear an timpeallacht oibriúcháin do gach buiséad bliantúil a mheas ar an iomlán mar pháirt de phlé na Comhairle Contae, lena n-áirítear cúinsí eacnamaíocha a mheas. Ó tháinig an phaindéim i dtús, atá fós linn, tá cúinsí eacnamaíocha i ndiaidh a bheith an-dúshlánach sna hearnálacha ar fad dár sochaí.

Agus an buiséad bliantúil á ullmhú, is gá dúinn ár n-oibleagáidí reachtúla a chur san áireamh, mar aon le soláthar chuspóirí na Comhairle bunaithe ar ár bPlean Corparáideach 2020-2024. Caithfimid na riachtanais éagsúla a bhaineann le gach cuid dár bpobail a chur san áireamh. Tá dualgas ar an gComhairle buiséad comhardaithe a reáchtáil gach bliain agus ní mór don ioncam agus don chaiteachas réiteach dá chéile. Tá roinnt athruithe déanta i mBuiséad 2022 i gcomparáid le buiséad na bliana roimhe, lena chinntiú go mbeifear in ann an maoiniú a dháileadh le gur féidir na seirbhísí is tábhachtaí a sholáthar. Is é is aidhm dúinn leibhéal na seirbhíse a choinneáil chomh hard agus is féidir.

Agus an chothromaíocht seo idir maoiniú agus soláthar seirbhísí á cur sa mheá againn, chomh maith leis an seans go mbeadh tionchar airgeadais ar chónaitheoirí an Chontae seo, chaith na Comhairleoirí vóta, mar shampla, lena chinntiú nach dtiocfadh aon mhéadú ar na rátaí tráchtála agus ionas nach mbeadh aon mhéadú ar chíosanna. Shocraigh siad chomh maith táillí athchúrsála agus dramhaíola, táillí reilige agus an pháirceáil íoctha a choinneáil ag na rátaí reatha. Is féidir leat níos mó a fheiceáil maidir leis na réimsí seirbhísí atá maoinithe ag Buiséad dlr 2022 ar leathanaigh 5-8 den eagrán seo agus is féidir leat buiséad bliantúil iomlán 2022 a léamh ar ár suíomh gréasáin, www.dlrcoco.ie

Agus í ag labhairt ar ghlacadh an Bhuiséid, bhí an méid seo le rá ag Cathaoirleach na Comhairle, an Comhairleoir Lettie McCarthy:

*"Am thar a bheith tábhachtach den bhliain i ngach Comhairle Contae is ea cruinniú Bhuiséad bliantúil na Comhairle. Táimse uaillmhianach maidir lenar féidir linn a bhaint amach mar Chomhairle, chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an áit seo mar áit ar dóigh chun cur fúinn agus chun bheith faoi bhláth, idir óg agus aosta, agus mar áit tharraingteach le gnó a dhéanamh. Táim sásta go rabhamar in ann buiséad a chur ar fáil le bunús na seirbhísí a choinneáil ar ardleibhéal, in ainneoin go bhfuil cúinsí dúshlánacha eacnamaíocha ann."*

Léiriú ar thiomantas na Comhairle seo leanúint ar aghaidh seirbhísí ardchaighdeáin agus áiseanna poiblí a chur ar fáil do chónaitheoirí an chontae seo is ea gur ghlac bhur gComhairleoirí tofa, i gcomhar le hoifigigh na Comhairle, an Buiséad seo don bhliain 2022.

# Siúil linn i dtír iontais an gheimhridh



Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi réir chun bheith ag glioscarnach an Nollaig seo agus chun loinnir agus spiorad na féile a scaipeadh ar fud an chontae agus ár bpleananna á gcur in bhur láthair againn i gcomhair shéasúr na féile. Beidh na gníomhaíochtaí ar fad ar siúl taobh amuigh i mbliana, mar sin tá cuireadh againn daoibh éadaí teo a chur oraibh, teacht amach san aer úr glan folláin, sult a bhaint as spiorad na féile agus teacht linn ... is muid ag siúl i dtír iontais an gheimhridh.

Beidh na mílte solas ann chun an contae a shoilsiú, agus beidh suiteáin nua iontacha 3D solais ann, chomh maith le conairí meallacacha nua siógacha foraoise agus beidh breo draíochtach ag lonrú ar roinnt foirgneamh. Beidh soilse áille gléigeala ann chun ardán na mbannaí ceoil a mhaisiú ar an gcé thoir. Beidh maisiúchán ollmhór dearg na Nollag le feiceáil i gCearnóg an Mhiortail agus beidh an fráma lonrach soilsithe 3T pictiúr suite i bPáirc Mharlaí.

Beidh túr 3T soilsithe bronntanas nua ann a thabharfaidh spiorad na féile chuig LexIcon dlr ar Ardán Haigh agus beidh radharc 3T soilsithe Nollag álainn le feiceáil arís i Leabharlann Dhún Droma. Is crainn bheo iad crainn oifigiúla Nollag dlr go léir. Tá soilse LED orthu ar voltas íseal ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta. Ní úsáideann gach foireann soilse ach 4.8 vata leictreachais - tá siad an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de mar sin.

Beidh an tsiúlóid shoilsithe foraoise i bPáirc Mharlaí, a mbíonn an-tóir uirthi, ar ais arís i mbliana agus beidh conair shiúil shoilsithe úrnua i bPáirc Chábán tSíle chomh maith.. Beidh an dá cheann acu ar oscailt idir 4pm agus 8pm, Luan go hAoine. Tá siad iomlán inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus bugaithe, agus tearmann suaimhnis atá sa dá áit, faoi bhrat na soilse lonracha agus ar shiúl ó fhuadar agus ó thorann na Nollag.

Fágfar Boscaí Poist Dhaidí na Nollag in LexIcon dlr i nDún Laoghaire, i bPáirc Mharlaí i Ráth Fearnáin, i bPáirc na bhFianna ar Chnoc Mhuirfean agus i bPáirc Chábán tSíle, na boscaí sin coimisiúnaithe go speisialta ag Daidí na Nollag. Seoltar na litreacha go sciobtha go dtí an Pol Thuaidh go díreach chuig Daidí na Nollag, a thugann freagra ar gach aon cheann acu.

Is mian linn Nollaig faoi shéan is faoi shonas a ghuí ar ár gcathróirí go léir agus tá súil againn go bhfeicfimid sibh amuigh ansin ag baint taitneamh as soilse na féile!




# Bí ag Siopadóireacht agus ag **Cliceáil go hÁitiúil!**

Le 18 mí anuas, tá tuiscint an-láidir faighte ag daoine ar a thábhachtaí atá gnólachtaí áitiúla agus na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Tá seans ann, ámh, nach dtuigfidh daoine go díreach an tábhacht a bhaineann le siopaí áitiúla ó thaobh an gheilleagair áitiúil de.

I gcás gach €10 a chaitear go háitiúil, gintear €40 breise ós rud é go n-íoctar é le soláthraithe áitiúla as seirbhísí áitiúla, agus caitheann baill foirne a dtuarastal ar earraí agus seirbhísí áitiúla.

Má íocann tú an t-airgead seo le miondíoltóir ar líne thar lear, fágann sé sin nach ndéantar é a athchúrsáil sa gheilleagar áitiúil agus go gcailleann an pobal áitiúil é dá bharr.

An dea-scéala ná go bhfuil gnólachtaí áitiúla i ndiaidh a ngnólachtaí féin a chur in oiriúint le bliain anuas agus tá roinnt bealaí agat anois chun tacú le siopaí áitiúla i do cheantar. Tá an-chuid acu bogtha ar líne anois chomh maith, agus mar sin níl aon chúis a thuilleadh fanacht leis na miondíoltóirí móra idirnáisiúnta ar líne. Bí ag féachaint cad atá ar fáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin – tá seans ann go mbainfear geit asat an oiread táirgeoirí agus miondíoltóirí atá sásta earraí a sheachadadh díreach chuig do theach.

Na rudaí is féidir leat a dhéanamh chun tacú le gnólachtaí áitiúla:

- Do chuid siopadóireachta a dhéanamh go sábháilte áitiúil
- Cártaí bronntanais a cheannach ar líne ó mhiondíoltóirí nó ó bhialanna áitiúla
- Bia beir leat a ordú ón mbialann áitiúil is fearr leat
- Agus tú ag siopadóireacht ar líne, earraí a cheannach ó shiopaí áitiúla

Is féidir linn go léir tionchar a imirt ach fanacht sa cheantar, siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus tacú le gnólachtaí áitiúla ar líne.

# Is féidir iarratas a dhéanamh ar **Scéim Deontas dlr 2022 anois!**

**An bhfuil smaoineamh agatsa maidir le tionscadal a rachaidh chun tairbhe don phobal áitiúil? An bhfuil cistiú uait?**


Bíonn scéim cistithe deontas ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gach bliain darb ainm Scéim Deontas dlr, lena dtugtar cistiú do dhaoine, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí atá ag plé le tionscadail, imeachtaí nó tionscnaimh ar leibhéal na comharsanachta nó leibhéal an Chontae inár gceantar. Tá béim ar leith ar thacú le tionscnaimh atá á gcur chun cinn go háitiúil mar aon le tionscnaimh na cosmhuintire. Is é is aidhm don scéim cabhair a thabhairt chun tionscadail áitiúla a reáchtáil i ngach cineál spóirt, sna healaíona, i dtionscadail a bhaineann leis an oidhreacht áitiúil, le feabhsú comhshaoil, imeachtaí, tionscnaimh atá pobalbhunaithe agus gnólachtaí áitiúla a chur chun cinn. Is féidir an scéim seo a úsáid mar chabhair chun tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt ionas go mbainfear barr cumais amach.

Baineadh úsáid as tairseach thiomnaithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun iarratais a riar, dlrcoco.ie/grants

Chun an dea-rialú agus an trédhearcacht a chinntiú, tá roinnt treoirlínte ginearálta ann maidir le hiarratas a dhéanamh ar na deontais agus roinnt treoirlínte breise maidir le catagóirí ar leith deontas. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go mbíonn an Chomhairle ag tacú leis an gcuid is fearr den fhorbairt inár bpobail.

Beidh ceardlanna eolais againn i mí na Nollag agus mí Eanáir, agus fógrófar iad ar na cainéil atá againn ar na meáin shóisialta. Tá an scéim á fógairt agus táthar ag glacadh le hiarratais ó dheireadh mhí na Samhna. An dáta deireanach le haghaidh iarratas ná Dé hAoine an 28 Eanáir 2022.

Tá Scéim Deontas dlr ina cabhair an-mhór ag grúpaí pobail agus daoine áitiúla agus tá tionscnaimh nuálacha ar fáil i gcuid mhaith réimsí agus gníomhaíochtaí. Tá tuilleadh eolais le fáil ar dlrcoco.ie/grants agus is féidir iarratas a dhéanamh ar líne ansin chomh maith.



CUID DE NA RÉIMSÍ ATÁ MAOINITHE AG

# Bhuiséad 2022

I mBuiséad Bliantúil dlr 2022, tugtar gealltanas go ndéanfar infheistíocht €213 milliún chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chónaitheoirí an chontae seo an bhliain seo chugainn. Is ionann é sin agus thart ar €977 a chaitheamh in aghaidh an duine. Tugtar cuid de na figiúirí is tábhachtaí thíos Féach leathanach an Airgeadais ar ár suíomh gréasáin dlrcoco.ie má theastaíonn uait na mionsonraí go léir faoin mbuiséad a fheiceáil.

**€2.7m**
a cuireadh ar fáil le haghaidh oibreacha fuinnimh uasghrádaithe

**87**
binse curtha isteach i bpáirceanna agus i spásanna oscailte


**€3.9m**
le haghaidh seirbhísí do dhaoine gan dídean

**451**
bosca bruscair sráide arna gcur ar fáil agus arna gcothabháil


**€1.8m**
le haghaidh deontas oiriúnach do theaghlaigh phríobháideacha

Deontais
**€360k**
do scéim itheacháin faoin aer

# Catagóirí Caiteachais 2022




# Catagóirí Ioncaim 2022



CUID DE NA RÉIMSÍ ATÁ MAOINITHE AG

# Bhuiséad 2022



**€171k**
de dheontais a dámhadh do 180 grúpa pobail

**3**
leithreas sa bhreis a bhfuil rochtain iomlán orthu

**1,423**
tocht bailithe le linn lá maithiúnais tochta

**6**
pháircín curtha ar fáil le haghaidh itheachán faoin aer

Beagnach **10,000**
silteán glanta

**72%**
de shoilsiú poiblí aistrithe go dtí LED

**Plean gníomhaíochta nua um bithéagsúlacht 2021-2025**

# 'Foireann Fuinnimh na Bliana' - Príomhdhuais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann buaite ag dlr




Bhuaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin príomhdhuais 2021 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 'Foireann Fuinnimh na Bliana'. Leis an duais seo, aithnítear an uaillmhian chomhchoiteann agus an cheannasaíocht fhadtéarmach sa bhainistíocht fuinnimh agus an feabhsú a dhéantar i rith an ama ar gach réimse fuinnimh i ngach roinn.

Bíonn an Fhoireann Fuinnimh in dlr, ar foireann chros-rannach í, ag obair i gcomhar a chéile chun éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú carbóin a bhaint amach i bhfoirgnimh, soilsiú poiblí, feithiclí, imeachtaí agus seirbhísí na comhairle agus sa phobal i gcoitinne. Baineann dlr feidhm as Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 chun éifeachtúlacht fuinnimh na comhairle a fheabhsú, chomh maith le tionscadail fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Tá feabhas 51% tagtha ar an bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2020, i gcomparáid leis an mbonnbhliain in 2009. Rinneadh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí a shárú, b'in spáráil fuinnimh 33% a bhaint amach faoi 2020. Is LEDanna a chuirfidh ar fáil 75% den soilsiú poiblí faoi dheireadh na bliana agus is iad feithiclí leictreacha 24 ceann de na feithiclí atá ag an gcomhairle. I gcomparáid leis an mbonnlíne, bhí laghdú 44% ar astaíochtaí carbóin dlr in 2020.

Tá infheistíocht shuntasach déanta le déanaí ar acmhainní foirne agus ar bhonneagar inbhuanaithe, ar thimpeallacht níos glaise, ar phlé leis an bpobal agus ar obair a dhéanamh le gnólachtaí agus leis an bpobal chun athrú iompraíochta a spreagadh. Tá seacht gceann déag de Chomhphobail Fuinnimh Inmharthana cláraithe le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa chontae. Tá tionscnaimh ann chun feasacht an phobail a fheabhsú i dtaca le fuinneamh, mar shampla an seimineár gréasáin bliantúil a mbíonn an-tóir air, 'Home Energy Upgrade', agus Pacaí Spárála Fuinnimh don Bhaile atá ar fáil ó leabharlanna.

# Dámhachtain Rialtais Áitiúil bronnta ar Bhealach Soghluaisteachta Cois Cósta



Mar chuid de Dhámhachtainí Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, bronnadh onóracha ar Bhealach Soghluaisteachta Cois Cósta sa chatagóir don Inbhuanaitheacht. Sna dámhachtainí seo, cuirtear os comhair an phobail an chuid is fearr den nuálaíocht in oibreacha na n-údarás áitiúil ar fud an stáit. Tá lúcháir orainn go bhfuil aitheantas á thabhairt don tionscadal. Is iad baill foirne de chuid Chomhairle Contae DLR a dhear agus a thóg an rotharbhealach sainithe 5km cois cósta seo idir an Charraig Dhubh agus Cuas an Ghainimh le linn shamhradh 2020 mar chuid de Thionscadail Soghluaisteachta agus Ríochta Poiblí DLRCC mar Fhreagairt ar COVID-19. Sa chéad bhliain den rotharbhealach, rinneadh breis agus 2 mhilliún turas siúil agus rothaíochta feadh na slí seo, agus bhí meascán leathan úsáideoirí ann, ar gach aois agus cumas.







**Anne Murray**
TOIFIGEACH BITHÉAGSÚLACHTA

**Céard a dhéanann tú?**
Is mise an tOifigeach Bithéagsúlachta agus an phríomhaidhm atá agam ná an dúlra (an bhithéagsúlacht) a chosaint agus a athnuachan ar fud an chontae agus a bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe agus le pobail, gnólachtaí agus muintir na háite.

**Déan cur síos ar ghnáthlá oibre a bhíonn agat.**
Tá an-éagsúlacht ag baint leis an bpost atá agam, rud atá dearfach.

Ar ghnáthlá, seans go mbeidh orm freagraí a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal agus ó bhaill foirne, freastal ar chruinnithe maidir le tionscadail agus pleananna a imreoidh tionchar ar an mbithéagsúlacht, nó comhairle faoin mbithéagsúlacht a chur ar bhaill foirne i dtaca le pleanáil, forbairt, scéimeanna tuilte agus topaicí eile. Bíonn suirbhéanna ar ghnáthóga agus speicis le bainistiú agam chomh maith, mar shampla suirbhéanna éan, broc agus fálta sceach don bhliain 2021.

Bím ag obair le baill foirne agus le daoine eile chun na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht i bpleananna agus straitéisí éagsúla a chomhlíonadh: an Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht, Plean Gníomhaíochta um Speicis Ionracha, Plean Oidhreachta Oileán Dheilginse, Plean Gníomhaíochta DLR um an Athrú Aeráide, Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, an Plean Caomhnaithe Bithsféir agus an Straitéis Chumarsáide agus Oideachais.

Tá a lán tionscadal le cur i gcrích i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, mar shampla tionscadal clibeála na gCadhan, tionscadal na nGeabhróg agus an tionscadal le haghaidh oibrithe deonacha, is é sin an Gharraíodóireacht ar mhaithe leis an mBithéagsúlacht.

Rud tábhachtach atá ann ná imeachtaí míosúla bithéagsúlachta a eagrú don phobal chun feasacht ar an mbithéagsúlacht a ardú. Cuirim eolas ar fáil ar ár suíomhanna gréasáin, chomh maith le ceardlanna, oiliúint agus uirlisí bithéagsúlachta faoi choinne scoileanna.

**Cad é an ghné is deacra den phost atá agat?**
Tá an t-ádh linn go bhfuil an oiread díograise agus atá againn don bhithéagsúlacht sa chontae seo againne agus tá á gcuid féin á déanamh ag an bpobal chun cuidiú leis an mbithéagsúlacht. In amanna, bíonn daoine ag iarraidh torthaí a gcuid oibre a fheiceáil lom láithreach, ach in amanna tógann sé blianta le gnáthóg bhithéagsúlachta a fhorbairt. Bíonn díomá ar dhaoine nuair a chuirim an méid sin in iúl dóibh, agus tá sé sin ar an gcuid is deacra de mo phost.

**Cad é an ghné is sásúla den phost atá agat?**
An chuid is sásúla den phost atá agam ná tuiscint, oideachas agus feasacht an phobail ar luach na bithéagsúlachta a ardú, chomh maith leis an bpobal a mhealladh le bheith páirteach i gcaomhnú na bithéagsúlachta.

Bhí mé feasach ar an mbithéagsúlacht agus mé ag fás aníos. Cuid den ghnáthshaol agus gach rud timpeall orm a bhí inti. Ba mhaith liom go mbeadh na deiseanna céanna ag an nglúin seo agus ag an gcéad ghlúin eile gliondar a bheith orthu ar shracfhéachaint a fháil ar dhath gorm Cruidín i sruthán, nó ar chloisteáil na gráinneoige dóibh agus í ag fánaíocht inár bhfálta sceach dúchasacha.



# Tá an geimhreadh ag teacht!

Cúram tábhachtach leanúnach atá ann líonra bóithre, cosán agus rothar a chothabháil sa gheimhreadh, cúram a bhíonn le cur i gcrích ag Ranna Glantacháin agus Cothabhála Bóithre i rith an gheimhridh.

Cuirtear stad sealadach lenár sceidil scuabtha san fhómhar agus go luath sa gheimhreadh mar gheall ar líon na nduilleog a thiteann. Cuireann sé sin ar a gcumas dár bhfoirne scuabtha díriú isteach ar cheantair a bhfuil ard-dlús crann agus fásra iontu agus tús áite a thabhairt dóibh.

Mar chuid den chlár atá againn na silteáin a ghlanadh, tá córas cothabhála pleanáilte againn do na silteáin ar fad sa Chontae agus, san am céanna, tugtar tús áite do na háiteanna sin sa Chontae is eol a mbíonn fadhbanna nuair a bhíonn báisteach throm ann. Tugtar 'pointí teo' ar na háiteanna sin agus déantar iad a ghlanadh roimh ré nuair a bhítear ag súil le báisteach throm. Déantar monatóireacht ghéar orthu le linn tarluithe adhaimsire. Dírítear isteach ar cheantair mar sin gach coicís mar chuid de sceideal beartaithe oibreacha cothabhála.

Cuireadh tús leis an séasúr reatha grin le haghaidh Chothabháil an Gheimhridh ar an 18 Deireadh Fómhair agus cuirfear deireadh leis ar an 30 Aibreán 2022. Le linn an gheimhridh, déanfaidh na hinnealtóirí dualgais réamhaisnéis na haimsire a mheas agus treoracha a thabhairt don leathadh grin dá réir. Tabharfaidh na foirne grin faoi oibreacha grin agus clúdófar na 10 mbealach ar fud an Chontae. Féach an suíomh gréasáin náisiúnta 'Bí Réidh don Gheimhreadh' (https://www.gov.ie/ga/feachtais/bi-ullamh-don-gheimhreadh-0/) chun teacht ar eolas an-úsáideach don phobal.

Má bhíonn ceisteanna agat maidir le scuabadh bóithre nó lánaí rothar, glantachán silteáin nó leathadh grin, is féidir iad a threorú chuig an Mol Cathrach ar 01 205 4700 nó ríomhphost a chur chuig info@dlrcoco.ie.

Thar ceann na bhFoirne Glantacháin agus Cothabhála Bóithre, is mian linn séasúr Nollag sábháilte sultmhar a ghuí ar gach duine.

# Páirceáil Rothaíochta agus Scútar do scoileanna



Chuir Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 155 seastán páirceála le haghaidh rothar agus 45 seastán páirceála le haghaidh scútar ar fáil do 26 scoil in 2021 mar chuid den chlár Taisteal Gníomhach chun na Scoile, arna chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá spásanna páirceála ar fáil le haghaidh 310 rothar agus 340 scútar sna seastáin. Iarradh ar gach bunscoil, meánscoil agus scoil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu iarratas a chur isteach chuig an gComhairle don pháirceáil rothar agus scútar, agus an-úsáid tugtha faoi deara. Chomh maith leis sin, thacaigh an Chomhairle le traenáil rothaíochta a chur ar fáil i scoileanna mar chuid den chlár Cycle Right atá ag an Roinn Iompair. In 2021, cuireadh oiliúint ar 837 dalta i 17 mbunscoil. Tá sé i gceist ag an gComhairle cuireadh a thabhairt do scoileanna iarratas a dhéanamh ar níos mó seastáin rothar agus scútar go luath san athbhliain agus leanúint ar aghaidh ag tacú le oiliúint rothaíochta i scoileanna.

# Athchúrsáil Crann Nollag



Beidh athchúrsáil chrainn na Nollag ar siúl idir Dé Luain an 3 Eanáir agus Dé Domhnaigh an 16 Eanáir 2022, na laethanta sin san áireamh,

idir 9.30am agus 3.30pm sna háiteanna seo a leanas.

- Páirc na Carraige Duibhe (Bealach isteach ó Ardán Phoenix)
- Carrchlós Pháirc Chábán tSíle
- Carrchlós Chnoc Chill Iníon Léinín
- Páirc Mharlaí, Carrchlós Bhóthar an Choláiste
- Iosta Pháirceanna DLR, Bóthar Áth an Ghainimh (gar d'Eastát Chill an Chrosaire)
- Carrchlós Ionad Athchúrsála Sheangánaí
- Carrchlós na Cé Thiar, Dún Laoghaire

Ná fágaigí Crainn Nollag roimh na dátaí seo, nó ina ndiaidh, ná taobh amuigh de na limistéir ainmnithe. Beidh na forálacha sna hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 – 2009, i bhfeidhm. Glacfar saor in aisce le haon chrann Nollag amháin in aghaidh gach cairr

i bPáirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin i rith mhí Eanáir 2022, ach amháin ar Lá na Bliana Nua nuair a bheidh an áis druidte.




# Iris Aoisbhá dlr 2022

## Saor in aisce agus lán eolais agus gníomhaíochtaí!

Bí ag faire le haghaidh Iris Aoisbhá dlr 2022, curtha ar fáil ag Clár Aoisbhá dlr agus tacaíocht tugtha don iris ag Leabharlanna dlr.

Tá an iris ar fáil saor in aisce agus í lán le scéalta gairide, dánta, oidis, liricí, tomhais, cluichí agus eolas maidir leis na seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chuireann Comhairle Contae dlr ar fáil, chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí atá Báúil le hAois atá ag feidhmiú ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Beidh an iris ar fáil ó lár mhí na Nollag, 2021, ar aghaidh i ngach Leabharlann dlr, in oifigí na Comhairle Contae agus i dtithe pobail, in ionaid an phobail agus i siopaí.

Tuilleadh eolais: Rannóg Pobail, Comhairle Contae dlr, ar 01 2054893 / community@dlrcoco.ie agus ar fáil ar líne ar https://www.dlrcoco.ie/en/community/dlr-age-friendly-county

Maoinithe ag Éire Ildánach, Éire Shláintiúil agus ag Clár Aoisbhá Chomhairle Contae dlr.



# Beidh linn ar an Oíche:

Anne Makower agus Christopher Fitz-Simon

**LexIcon dlr go dtí an 31 Eanáir 2022**

Sa taispeántas fíorshuimiúil seo, déantar ceiliúradh ar shaothar Anne Makower agus Christopher Fitz-Simon i réimse na hamharclannaíochta, na teilifíse agus an raidió. Tá an breithlá céanna ag an mbeirt sa lánúin seo agus tá siad ag cur fúthu i gceantar Dhún Laoghaire le 56 bliain. Bhí siad ag obair in RTÉ sna luathbhlianta. Chuir Christopher tús le sraitheanna aitheanta ar nósTolka Row agus rinne Anne an chuid ba mhó de na cláir ceoil chlasaicigh a léiriú ina gairm bheatha éagsúil ag an am céanna le gairm bheatha eile a bheith ar siúl aici mar shoprán agus í ag canadh i gceadail, in oratóirí agus i gceoldrámaí.

Chaith Christopher tréimhsí anonn is anall idir an teilifís agus an drámaíocht. Bhí róil feidhmiúcháin aige in Amharclann na Mainistreach, The Irish Theatre Company agus The Lyric Theatre, Béal Feirste. Tá léachtaí tugtha aige maidir le drámaíocht na hÉireann i ndeich dtír ar cheithre ilchríoch. Tá cuid mhór leabhar scríofa aige (iad ar fad ar fáil in LexIcon dlr), ina measc siúd The Boys, beathaisnéis faoi Hilton Edwards agus Micheál Mac Liammóir araon, bunaitheoirí Amharclann an Gheata i mBaile Átha Cliath. Tá sé ina mholtóir i gComórtas na mBailte Slachtmhara ó bhí 1991 ann.

# Foilseachán agus Taispeántas ar Thithe Móra Dhún Laoghaire - Rath an Dúin

Déanfar foilseachán nua, dar teideal *Shifting Foundations – The Big Houses of Dún Laoghaire-Rathdown*, chomh maith le taispeántas a ghabhann leis an leabhar, a sheoladh in LexIcon dlr i mí na Nollag i mbliana. Déantar plé sa leabhar ar stair na dtithe móra i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tugtar léargas don léitheoir ar shaol na ndaoine a bhí ina gcónaí sna tithe móra sin, agus ar shaol na ndaoine a bhí ag obair sna tithe móra nó ar na tailte. San fhoilseachán, pléitear na bealaí a ndeachaigh tithe móra an cheantair i ngleic leis na hathruithe sóisialta agus polaitíochta a tháinig nuair a baineadh amach saoirse na hÉireann, agus tá caibidlí ann maidir le Teach Mharlaí, Teach Chábán tSíle agus Teach Chnoc na Raithní, trí theach mhóra atá faoi chúram Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Is é David Gunning a rinne an tionscadal seo a choimeád, ar Staraí Cónaithe le haghaidh Oidhreacht dlr é. Tugadh faoin tionscadal mar thionscnamh faoi Dheich mBliana na gCuimhneachán, é cistithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



# Athfhorbairt Leabharlann Stigh Lorgan

Tá athfhorbairt ar bun i Leabharlann Stigh Lorgan faoi láthair. Tá an leabharlann nua á tógáil ar an suíomh a bhí cheana ann i bPáirc Lorcáin agus, fad is a bheidh sé sin ar siúl, tá Mol Leabharlann Shráidbhaile Stigh Lorgan oscailte againn thuas staighre sa lárionad siopadóireachta. Cuirfear na seirbhísí is tábhachtaí leabharlainne ar fáil ansin, leabhair san áireamh, chomh maith le rannán saincheaptha le haghaidh páistí agus gnéithe céadfacha mar chuid de, spásanna staidéir, ríomhairí, seirbhísí priontála/cóipeála/scanacháin agus na nuachtáin laethúla.

Tá Leabharlann Shráidbhaile Stigh Lorgan suite ar an gcéad urlár i Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan, in Aonad J.


Is féidir teagmháil a dhéanamh le baill foirne ach an uimhir chéanna a úsáid, 01 288 9655, agus ar an ríomhphost ar stillorganlib@dlrcoco.ie. Buail isteach ar cuairt agus abair haigh leis an bhfoireann!

Is féidir léamh faoi na pleananna athfhorbartha anseo https://www.dlrcoco.ie/stlaurence

**GAILEARAÍ NA CATHRACH** | LEXICON dlr
GO DTÍ AN 13 MÁRTA 2022

# ON STEADY GROUND/ UNSTEADY GROUND

**Saothar Nua le Cora Cummins agus Saoirse Higgins, Arna choimeád ag Marysia Wieckiewicz-Carroll**




**CLÉ: Cora Cummins, *Monument* (mionghné). DEAS: Saoirse Higgins, *Height Above Sea Level, St Boniface.***

Is taispeántas comhoibríoch é seo ó bheirt ealaíontóirí agus áitritheoirí de chuid dlr, Cora Cummins agus Saoirse Higgins, ar bhronn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Coimisiún Amharc-Ealaíne orthu, arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon. Tá saothar nua sa taispeántas, idir eitseáil, fhíseán, ghrianghrafadóireacht agus dealbhóireacht, agus nasctar le chéile suimeanna taighde na n-ealaíontóirí san athrú comhshaoil agus tírdhreacha, agus machnamh á dhéanamh ar chailliúint na nithe sin a raibh cuma na buaine orthu.

**LE TEACHT GO LUATH IN 2022**

# Clár Sláinte agus Folláine

Tá Leabharlanna dlr fós páirteach sa chlár náisiúnta Éire Shláintiúil i do Leabharlann. Déanaimid stoc leabhar a cheannach agus imeachtaí a leagan amach ina gcuirtear béim ar an tsláinte agus folláine. I measc na n-imeachtaí sin, bíonn ceardlanna againn chomh maith le seisiúin Mhachnaimh, Taidh-Tsí agus Ióga, mar aon le cainteanna ó shaineolaithe iomráiteacha ar thopaicí éagsúla, mar shampla an tuismitheoireacht, cothú na hathléimneachta, dul i ngleic leis an mbriseadh croí mar gheall ar an mbás,chomh maith le leas a bhaint as an aireachas i saol an uile lae.



# Téigh i mbun na Ceardaíochta i Leabharlanna dlr!

Clár Ealaíon agus Ceardaíochta do dhaoine fásta agus do pháistí

Idir Eanáir agus Márta 2022, cuirfidh Leabharlanna dlr clár éagsúil ar fáil daoibh ina ndíreofar ar cheardlanna ceardaíochta: an feiltiú, bascaeid a dhéanamh, crosóga Bhríde a dhéanamh, an tseodóireacht agus ceardaíocht coinnle do dhaoine fásta.
Is mian linn páistí a fheiceáil agus iad ag baint úsáid as a lámha agus ag baint leas as a gcuid cruthaitheachta.
Tá clár iontach á ullmhú againn den ealaín atá dírithe ar an bpróiseas, chomh maith le gníomhaíochtaí ceardaíochta dóibh siúd atá idir 4 bliana agus 12 bhliain d'aois.
Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ar ár dtreoir d'imeachtaí go luath i mí Eanáir, le fáil amach cad é atá beartaithe againn in 2022!

# Déanann **do** Chomhairleoirí **dlr** ionadaíocht ortsa

## DÚN DROMA

An CLR. **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige,
Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana,
Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa,
Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh,Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

An CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 141 5641
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 0872041559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

An CLR **MELISA HALPIN** PSB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland,
Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach,
Dún Laoghaire
AN LEAS-CHATHAOIRLEACH
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉININ-SEANCHILL

An CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach,Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **HUGH LEWIS** IND
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige,
An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR. **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na
Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

An CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige,
Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
AN CATHAOIRLEACH
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **PATRICIA KINSELLA** NSP
5 Bót-har Dhroichead Bhaile an
Mhuilinn
Baile Átha Cliath 14
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** pkinsella@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** ooconnor@cllr.dlrcoco.ie